An Tuiseal Ginideach

Gaeilge mhaith, Gaeilge cheart agus Gaeilge chruinn

Cad a thugann tú faoi deara?

An poitigéir

leigheas an phoitigéara

An búistéir

siopa an bhúistéara

An custaiméir

sóinseáil an chustaiméara

An dochtúir

mála an dochtúra

An múinteoir

bord an m**h**úint**eora**

Innéacs

An scríbhneoir

stíl an scríbhn**eora**

An moltóir

cinneadh an mholtóra



An léitheoireacht

ag déanamh léitheoir**eachta**

An tsiopadóireacht

i mbun **na** siopadóir**eachta**

An chamógaíocht

ag imirt camógaíochta



An bhliain

ag deireadh na bliana

An Cháisc

i rith na Cásca

An rang

timpeall an ran**ga**

An buachaill

seaicéad an bhuachalla

An Dialann Mhachnaimh

- Cad a d'fhoghlaim mé?
- Míniú ar cad a d'fhoghlaim mé
- Mo shamplaí féin
- Cad a cheap mé?



Focail ón tríú díochlaonadh in abairtí

- Bhí mé i seomra (an dochtúir) ar feadh tamaill.
- Tá mé ar fhoireann (iománaíocht) na scoile.
- Is aoibhinn liom a bheith ag léamh (filíocht).
- Tá mé i Rang a Sé ó thús (an bhliain).
- Chonaic mé mála (an buachaill) ar an gcathaoir.
- Ní fhaca mé carr (an múinteoir) sa chlós ar maidin.
- Tá Seán ina shuí ag bun (an rang) agus Máire ina suí ag barr (an rang).
- Ar chuala tú óráid (an bainisteoir) aréir?
- Ní raibh síniú (an tuismitheoir) ar an obair bhaile.
- Bíonn muid saor ón scoil le linn (an Cháisc).
- Ní raibh doras (an paisinéir) ag oscailt.
- Tá obair (an feirmeoir) an-dúshlánach.
- Ní aontaím le tuairim (an moltóir).
- Ar thaitin éadaí (an t-aisteoir) leat?
- Cad é rún (an díospóireacht)?
- Cheannaigh mé feoil i siopa (an búistéir).
- Tá coinne (fiaclóir) agam maidin amárach.